

Futa Fata – Ábhar Tacaíochta don Seomra Ranga

An Dosaen Dainséarach le Tony Bradman

Gabhann Futa Fata buíochas le COGG a thacaigh le foilsiú an ábhair thacaíochta seo.

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Faoin Leabhar:

Tá dúil mhór ag Rónán sa sacar ach níl aon fhoireann ina cheantar féin agus níl aon chead aige imirt le Cumann Sacair Chois Cuain, an fhoireann is gaire dó. Baineann Rónán triail as aird bhainisteoir Chnoc na Coille a tharraingt air féin agus ar a chumas mar imreoir. Is é an ceacht is mó a fhoghlaimíonn sé ná go bhfuil an comhoibriú i measc baill foirne níos tábhachtaí ná cumas aon duine amháin ar leith.

Faoin Údar:

Duine fíorshuimiúil é Tony Bradman a bhfuil conaí air i Londain. Deir sé gur múinteoir scoile a bhí aige, Mr. Smith, a chothaigh a ghrá don scéalaíocht agus do na leabhair. D'oibrigh Tony mar iriseoir ar feadh tréimhse ach nuair a rugadh a chuid páistí, chuir sé suim cheart i leabhair do dhaoine óga. Tá cnuasach mór leabhar foilsithe ó shin aige. Chomh maith lena scríbhneoireacht féin, tá cúpla leabhar foilsithe aige i gcomhar lena mhac, Tom, agus is breá leis a bheith ag tacú le scríbhneoirí nua. Is féidir tuilleadh a fhoghlaim faoi Tony ach cuairt a thabhairt ar a shuíomh – www.tonybradman.com

Téamaí an Leabhair:

Cairdeas: Taispeánann an scéal conas a chuirtear cairdeas i mbaol nuair a bhíonn duine amháin ag smaoineamh air féin an t-am ar fad.

Comhoibriú: Taispeánann sé chomh maith an tábhacht a bhaineann le daoine a bheith ag tarraingt le chéile mar fhoireann. Cuireann an scéal in iúl do dhaoine óga gur féidir aislingí a bhaint amach ach a bheith sásta comhoibriú le chéile.

© 2014 Futa Fata. Tuilleadh eolais agus catalóg iomlán ar fáil ag www.futafata.ie

An Clúdach

Féach ar chlúdach an leabhair – cad a deir an pictiúr leat faoin bhfoireann seo?

Caibidil 1

Cúpla ceist faoin téacs:

Cad iad na rudaí a thug le fios do Rónán gur foireann ar ardchaighdeán a bhí san fhoireann seo?

Ní cluiche maith a bhí ann. Cén chuma a bhí air mar chluiche, dar leis an údar? Smaoinigh ar chúpla aidiacht eile (focail a dhéanann cur síos ar rudaí) a thugann le fios gur drochchluiche a bhí ann.

Cé na rudaí a thug Cillian faoi deara faoin gcuma a bhí ar Rónán? An gcreideann tú go raibh a ndóthain imreoirí ag an bhfoireann? Cén chúis eile a bheadh ag Cillian diúltú do Rónán bheith páirteach ar an bhfoireann?

Le plé sa rang:

An raibh sé ceart ná cothrom gur diúltaíodh do Rónán a bheith páirteach san fhoireann mar gheall ar an gcaoi a raibh sé gléasta?

Tugtar leithcheal ar an gcinéal sin iompair. Sampla eile ná an tslí a dhíultaíonn óstáin áirithe don lucht siúil, uaireanta, nuair a bhíonn siad ag iarraidh bainis a eagrú. D'fhéadfaí a rá gur leithcheal atá i gceist leis an gcaoi a chaitheann Mr. Burns le Homer Simpson sa chlár The Simpsons, mar shampla.

Tabhair samplaí eile den leithcheal ó eachtraí a tharla sa stair nó ó rudaí a tharla le gairid.
An gceapann an rang gur rogha maith é Cillian a bheith mar chaptaen na foirne? Cén fáth?

Smaoineamh don scríbhneoireacht chruthaitheach:

Roinn an rang ina dhá ghrúpa, A agus B. Scríobhadh grúpa A an radharc ar leathanach 5 idir Rónán agus Cillian ó dhearcadh Rónáin. Scríobhadh grúpa B é ó dhearcadh Chillian. Bíodh cur síos ann ag grúpa A ar na rudaí a thugann Rónán faoi deara faoi Chillian, an chaoi a mhothaigh sé, an bealach a d'fhéach na buachaillí eile air agus mar sin de. Bíodh cur síos ag grúpa B ar an dearcadh a bhí ag Cillian ar an mbuachaill leis an rothar meirgeach agus ar an gceist a chuir sé. Cad a cheap Cillian faoi?

© 2014 Futa Fata. Tuilleadh eolais agus catalóg iomlán ar fáil ag www.futafata.ie

Caibidil 2

Cúpla ceist faoin téacs:

Cén cur síos a bhí ag máthair Rónáin ar na cláracha teilifíse a thaitin lena athair?

Cén fáth gur thug a athair 'feallaire' (duine a ligeann síos go han-dona tú) go magúil ar Rónán?

Cén fáth gur shocraigh Rónán a phlean a choinneáil faoi rún ar deireadh?

Le plé sa rang:

Socraíonn Rónán a phlean a choinneáil faoi rún, ar fhaitíos go mbeadh a chairde, Éanna agus Maidhc, níos fearr ná é ag imirt sacair. Céard a cheapann an rang faoin gcur i gcéill seo ag Rónán?

Cad a tharlóidh anois, dar leis an rang?

Smaoineamh don rang ealaíne:

Déan dearadh ar an éide peile a bheidh ag foireann nua Rónáin, An Dosaen Dainséarach. Mínigh cén fáth gur roghnaigh tú na dathanna agus na pátrúin ar shocraigh tú orthu.

Caibidil 3

Cúpla ceist faoin téacs:

Cén fáth go raibh sé de cheart ag Rónán bheith i gceannas, dar leis?

Cé na smaointe a bhí ag Éanna maidir le feabhas a chur ar an bhfoireannn?

Cén fáth gur chuir caint Éanna isteach chomh mór sin ar Rónán ag deireadh na caibidle?

Le plé sa rang:

Is léir go bhfuil aithne agus tuiscint mhaith ag Rónán ar a chairde. Ar leag sé amach an fhoireann mar ba cheart? Cén fáth go ndéarfá é sin?

Is léir go bhfuil fíorspiorad foirne ag Éanna. Conas a léirítear é seo sa téacs?

Smaoineamh don Scríbhneoireacht chruthaitheach:

Dá mbeifeá ag cur foireann sacair (nó do rogha spóirt) le chéile, cé a roghnófá le bheith páirteach ann? Leag amach foireann, idir chairde agus imreoirí proifisiúnta.

© 2014 Futa Fata. Tuilleadh eolais agus catalóg iomlán ar fáil ag www.futafata.ie

Caibidil 4

Cúpla ceist faoin téacs:

Conas a thaispeánann an chéad pharagraf ar leathanach 25 go bhfuil difríocht an-mhór idir an saol atá ag Cillian, mac an fhir ghnó atá go maith as, agus an saol atá ag Rónán féin? Tabhair samplaí ón gcur síos le do fhreagrá a léiriú.

Tá difríocht mhór ann sa chur síos ar fhoireann Chois Cuain agus foireann Rónáin. Cé na difríochtaí atá ann ó thaobh an chuma atá ar an dá fhoireann?

Conas a fuair Éanna amach faoin bplean a bhí ag Rónán maidir lena scileanna peile siúd a thaispeáint d'fhoireann Chois Cuain?

Le plé sa rang:

An feallaire é Rónán, dar leis an rang?

Tá a rún scaoilte agus Rónán ag imirt go han-dona ar fad. An aontaíonn tú le Rónán go bhfuil seisean chomh dona céanna le Cillian?

Smaoineamh don drámaíocht:

Roghnaigh duine ón rang le tráchtaireacht a dhéanamh ar an gcluiche. Caithfidh an chuid eile den rang páirt an tslua a dhéanamh, agus iad ag tacú leis an dá fhoireann.

Caibidil 5

Cúpla ceist faoin téacs:

Cén fáth gur cheap Rónán go raibh sé in am ceacht a mhúineadh do Chillian Seoighe?

Déanann an t-údar cur síos físiúil agus fuinniúil ar an imirt sa dara leath. Samhlaigh gur tuairisceoir spóirt thú a bhí i láthair ag an gcluiche. Scríobh tuairisc don nuachtán áitiúil agus tú ag cur síos ar an gcluiche.

Le plé sa rang:

Tá toradh i bhfad níos fearr ar an gcluiche ná mar a raibh súil ag Rónán leis. An raibh aon súil ag an rang gur mar sin a chríochnódh an scéal? Cén rud a raibh súil agaibh leis?
Roghnaigh imreoir an chluiche agus tabhair fáth le do rogha.

Smaoineamh don rang ceoil:

Cum véarsa tacaíochta ceithre líne don Dosaen Dainséarach – bí cinnte go bhfuil rithim rialta ann tríd síos.
Cuir fonn ceoil leis más féidir.

© 2014 Futa Fata. Tuilleadh eolais agus catalóg iomlán ar fáil ag www.futafata.ie